
An Roinn Iompair
Department of Transport

zevi
Zero Emission Vehicles Ireland

# An Plean um Luchtú Feithiclí Leictreacha ar an nGréasán Náisiúnta Bóithre

*Achoimre Fheidhmeach*

**2024-2030**



An Roinn Iompair



# Réamhrá ón Aire

**Is é an gníomhú ar son na haeráide an dúshlán is práinní atá ann san aois ina bhfuilimid agus is tosaíocht do Rialtas na hÉireann é. Leagtar amach sa Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide, 2024 an bealach chun astaíochtaí iompair a laghdú 50% faoi 2030. Is den ríthábhacht é ár bhflít feithiclí a aistriú ina bhfeithiclí leictreacha chun an dúshlán sin a chur i gcrích, agus is é sin an gníomh maolaithe is mó a fhéadfar a dhéanamh san earnáil iompair roimh 2030. Chun tacú leis an aistriú sin, caithfidh an Rialtas dúthracht chun tacú le cur go mór leis an líonra luchtaithe d'fheithiclí leictreacha sna blianta amach romhainn. Tá sé leagtha de chúram ar ZEVI, oifig de chuid na Roinne Iompair, a bheith i gceannas ar rolladh amach an bhonneagair sin, agus na hiarrachtaí go léir a threorú agus a chomhordú.**

Sheol ZEVI an Straitéis Náisiúnta um Bonneagar Luchtaithe Feithiclí Leictreacha i mí Eanáir 2023, ina gcuirtear i láthair cosán uaillmhianach agus céimeanna praiticiúla i dtreo líonra náisiúnta luchtaithe d'fheithiclí leictreacha. Leagtar béim sa Straitéis ar an ngá atá le linn luchtairí ardchumhachta gach 60 km ar ár ngréasán mótarbhealaí, chomh maith le luchtú baile/árasáin, luchtú comharsanachta cónaithe (lena n-áirítear moil nua soghluaisteachta), luchtú cinn scríbe agus luchtú ar an tslí. Is é **an Plean um Luchtú Feithiclí Leictreacha ar an nGréasán Náisiúnta Bóithre** an chéad chéim chun cur leis an ngealltanas agus sainaithnítear ann an leibhéal luchtaithe a bheidh ag teastáil ar ár ngréasán náisiúnta príomhbhóithre agus bóithre den dara grád. Tá an plean seo ina cuid de thacar níos leithne gníomhartha agus tionscnamh a bhfuil mar aidhm leo dlús a chur leis an nglacadh le feithiclí leictreacha in Éirinn, mar a leagtar amach sa Straitéis Náisiúnta um Bonneagar Luchtaithe Feithiclí Leictreacha.

Chomh maith le cuspóir an Rialtais maidir le líonra luchtaithe d'fheithiclí leictreacha a chur ar fáil chun coinneáil chun tosaigh ar an éileamh ón bpobal, d'aontaigh an tAontas Eorpach an Rialachán maidir le Bonneagar Breoslaí Malartacha (AFIR)[i], a mbeidh feidhm aige ón 13 Aibreán 2024. Chun feithiclí leictreacha saothair éadroim a luchtú, feithiclí leictreacha paisinéirí ina measc, ceanglaítear leis an rialachán go soláthrófaí acmhainn chumhachta iomlán de réir mhéid an fhlít atá cláraithe. Éileoidh sé sin méadú beagnach 250% ar an acmhainn luchtaithe faoi 2025 agus is cuid shuntasach den iarracht fhoriomlán sin é bonneagar an ghréasáin náisiúnta bóithre. Ina theannta sin, éilítear in AFIR go socrófar ceanglais chuimsithe maidir leis an nGréasán Iompair Tras-Eorpach (TEN-T) do 2025 agus do 2035 maidir le feithiclí saothair éadroim (LDVanna), carranna paisinéirí ina measc, agus feithiclí tromshaothair (HDVanna).

I bhfianaise an 110,000 feithicil leictreach a díoladh faoi dheireadh 2023, tá an líon feithiclí leictreacha ar ár mbóithre ag ardú i gcónaí. Chun freastal ar an margadh sin, tá líonra pointí luchtaithe poiblí d'fheithiclí leictreacha in Éirinn cheana, líonra a bhfuil méadú ag teacht air agus a bhfuil níos mó ná 2,400 stáisiún dá leithéid ann cheana. Mar sin féin, is gá dúinn anois cur go mór leis an líonra sin agus dlús a chur lena rolladh amach. Leagtar amach sa Phlean seo an chaoi a ndéanfaidh an Rialtas, i gcomhar leis an tionscal príobháideach, ár spriocanna uaillmhianacha maidir le luchtú feithiclí leictreacha a bhaint amach.

Anuas ar fheithiclí saothair éadroim, tá borradh ag teacht anois faoi aistriú feithiclí tromshaothair (HDVanna) ina bhfeithiclí leictreacha ar fud na hEorpa. Leagtar síos sprioc sa Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide go mbeidh 30% de dhíolacháin feithiclí nua meánsaothair agus tromshaothair (MHDVanna) (busanna ina measc) saor ó astaíochtaí faoi 2030. Leagtar amach sa **Phlean um Luchtú Feithiclí Leictreacha ar an nGréasán Náisiúnta Bóithre** an bonneagar atá le cur ar fáil chun freastal ar an margadh feithiclí leictreacha sin a bhfuil forbairt ag teacht air.


De réir mar a aistríonn an flít go hastaíochtaí nialasacha, is dúshlán uathúil é bonneagar luchtaithe ar an tslí a chur ar fáil ar an ngréasán náisiúnta bóithre. Beidh tionchar ar leith ag tosca áirithe ar an bpróiseas cinnteoireachta, amhail suíomh an láithreáin, na naisc leis an eangach leictreachais agus an acmhainn chumhachta atá ar fáil, mar aon le samhlacha gnó na n-oibreoirí féin. Agus an plean seo á fhorbairt aige, d'oibrigh ZEVI le Bonneagar Iompair Éireann (TII) agus fuair sé ionchur luachmhar ó ESB Networks agus ón tionscal i gcoitinne. Cuireadh tús cheana féin le cur chun feidhme an phlean seo nuair a seoladh an scéim mótarbhealaí €21M. Is mian leis an Rialtas bonneagar luchtaithe ardchaighdeáin, úrscothach d'fheithiclí leictreacha a sholáthar, ar bonneagar é a oibríonn do gach duine a chónaíonn in Éirinn agus a thugann cuairt ar an tír. Beidh iarracht shaindírithe agus chomhoibritheach ag teastáil ó na páirtithe leasmhara go léir chun an líonra seo a sholáthar. Fáiltíonn an Rialtas roimh an tacaíocht shuntasach atá á fháil aige ón tsochaí shibhialta agus ón earnáil phríobháideach chun tabhairt faoin tasc seo – agus táimid ag tnúth go mór leis an dúshlán seo a shárú.

**Eamon Ryan TD,**
An tAire Iompair

[i] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:32023R1804

# ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN

**Is é an Plean um Luchtú Feithiclí Leictreacha ar an nGréasán Náisiúnta Bóithre an chéad chuid de Phlean um Líonra Náisiúnta Luchtaithe d'Fheithiclí Leictreacha, agus é dírithe ar luchtú ar na Mótarbhealaí, ar na Príomhbhóithre agus ar na Bóithre den Dara Grád. Anuas ar an bPlean seo, tá Feithiclí Astaíochtaí Nialasacha Éireann (ZEVI) ag obair le hÚdaráis Áitiúla chun an Plean um Líonra Luchtaithe Réigiúnach agus Áitiúil d'Fheithiclí Leictreacha a chur i dtoll a chéile. Nuair a bheidh na chéad leaganacha de na pleananna sin foilsithe i gcomhair comhairliúcháin, agus nuair a bheidh aiseolas curtha leo, cuirfear an dá phlean le chéile mar an Plean um Líonra Náisiúnta Luchtaithe d'Fheithiclí Leictreacha.**




**Fíor 1:** *Beidh an Plean um Líonra Náisiúnta Luchtaithe d'Fheithiclí Leictreacha ina mheascán den Phlean seo um Luchtú Feithiclí Leictreacha ar an nGréasán Náisiúnta Bóithre agus den Phlean um Líonra Luchtaithe Réigiúnach agus Áitiúil d'Fheithiclí Leictreacha, atá le foilsiú i gcomhair comhairliúcháin i mí an Mhárta/mí Aibreáin 2024.*

Is é is aidhm don phlean seo treochlár a leagan amach le bonneagar luchtaithe d'fheithiclí leictreacha ar an tslí a chur ar fáil, ag obair i dtreo uaillmhianta náisiúnta agus Eorpacha araon chun iompar níos glaine a bhaint amach. Leagtar amach conair sa doiciméad seo chun na huaillmhianta sin a bhaint amach, chomh maith le pacáiste tograí maidir le hinfheistíocht, rialáil, agus ionstraimí beartais do na blianta amach romhainn.

Déanfar athbhreithniú ar an bplean agus ar an tuairisc MST a ghabhann leis in 2027. Déanfar aon nuashonruithe is gá ar an bplean agus ar na spriocanna i dtreo 2030 leis na nithe seo a leanas a chur san áireamh: athbhreithniú ar an Straitéis maidir le Bonneagar Luchtaithe d'Fheithiclí Leictreacha, an t-aistriú chuig feithiclí leictreacha, an chaoi a n-úsáidfear an bonneagar luchtaithe, agus aon nuashonruithe ar chreataí nó pleananna náisiúnta lena leagtar síos uaillmhianta an Phlean seo.

Cé go ndéantar na huaillmhianta sin a shainiú go príomha leis an bPlean um Ghníomhú ar son na hAeráide agus leis an Straitéis maidir le Bonneagar Luchtaithe Feithiclí Leictreacha, ar leibhéal Eorpach, leagtar síos sa Rialachán maidir le Bonneagar Breoslaí Malartacha (AFIR) ceanglais agus caighdeáin shonracha chun bonneagar luchtaithe inrochtana agus éifeachtúil a sholáthar. Áirítear ar na spriocanna sin sprioc fhoriomlán "bunaithe ar fhlít", lena n-éilítear aschur cumhachta náisiúnta iomlán bunaithe ar líon na bhfeithiclí leictreacha ceallra (BEVanna) nó feithiclí leictreacha

hibrideacha inluchtaithe (PHEVanna) sa tír, mar aon le leibhéil shonracha bonneagair luchtaithe d'fheithiclí leictreacha ar an nGréasán Tras-Eorpach Iompartha (TEN-T) faoi 2025, 2027, 2030 agus 2035.

Is tionscnamh um bonneagar iompair straitéiseach de chuid an Aontais Eorpaigh (AE) é gréasán bóithre TEN-T, agus tá dhá chatagóir de bhóithre ann:

- An croíghréasán, lena n-áirítear na naisc is tábhachtaí a nascann cathracha agus nóid mhóra. Ní mór dó na caighdeáin cháilíochta bonneagair is airde a chomhlíonadh.
- An gréasán cuimsitheach, lena nasctar réigiúin uile an Aontais leis an gcroíghréasán.

Téann an Plean seo um Luchtú Feithiclí Leictreacha ar an nGréasán Náisiúnta Bóithre níos faide ná ceanglais an AFIR agus cuimsíonn sé an gréasán náisiúnta bóithre ar fad (agus bóithre gar dó). In Éirinn, is ionann gréasán bóithre TEN-T agus beagnach 2,200 km den 5,300 km de ghréasán náisiúnta bóithre: 500 km den chroíghréasán agus 1,700 km den ghréasán cuimsitheach.

## An Líonra Luchtaithe d'Fheithiclí Leictreacha ar Bhóithre Náisiúnta a Fhorbairt

Chun plean um bonneagar náisiúnta luchtaithe d'fheithiclí leictreacha atá éifeachtach agus éifeachtúil a fhorbairt, ní mór breithniú cúramach a dhéanamh ar thosca éagsúla. Gné ríthábhachtach amháin is ea an cur chuige samhaltaithe a úsáidtear chun plean cuimsitheach agus eolasach a chinntiú. Sa chomhthéacs sin, baineadh úsáid as meascán de chur chuige ón mbun aníos agus ón mbarr anuas, agus íoscheanglais AFIR á gcur san áireamh.

Is éard atá i gceist leis an gcur chuige ón mbun aníos ná uirlis fhairsing samhaltaithe bunaithe ar ghníomhaire chun anailís a dhéanamh ar an áit agus ar an uair a bheidh tiománaithe feithiclí leictreacha ag iarraidh luchtú a dhéanamh in 2030 agus 2035. Tugann na torthaí le tuiscint go mbeidh an acmhainn luchtaithe d'fheithiclí leictreacha a bheidh ag teastáil ar líonra TEN-T faoi 2030 i bhfad níos airde ná an acmhainn luchtaithe a éilítear faoi AFIR, ach go mbraitheann sé sin ar an áit.

Ag teacht leis sin, breathnaíodh leis an gcur chuige anuas ar na riachtanais maidir le luchtú ardchumhachta (HPC) bunaithe ar an a méid iomlán in kWh a bheadh ag teastáil go bliantúil ar luchtairí ardchumhachta poiblí agus ar an méid iomlán luchtaithe in kWh a d'fhéadfaí a dhéanamh in aghaidh an luchtaire ar leibhéal an chontae. Rinneadh anailís freisin ar shonraí maidir leis an meánleibhéal bliantúil tráchta laethúil (AADT) ar an ngréasán náisiúnta bóithre ar leibhéal an chontae chun méid an tráchta agus leithdháileadh luchtairí ardchumhachta laistigh den chontae a dhéanamh amach.

Chomh maith leis an samhaltú, forbraíodh meastóireacht mhionsonraithe ar sheacht gcarachtar agus ar a n-aistear tríd an bpróiseas luchtaithe d'fhonn tuiscint a fháil ar an gcaoi a dhéanfadh daoine idirghníomhú leis an líonra luchtaithe poiblí d'fheithiclí leictreacha amach anseo. Baineadh úsáid as na pearsana sin, a baineadh as an Straitéis Náisiúnta um Luchtú Feithiclí Leictreacha (móide grúpa úsáideoirí breise, tiománaithe veaineanna/feithiclí tráchtála), le léargas a fháil ar na príomhdhúshláin a bhíonn le sárú ag úsáideoirí éagsúla feithiclí leictreacha agus iad ag luchtú ar bhóithre náisiúnta agus, uaidh sin, na tacaíochtaí riachtanacha a shainaithint.

## Tograí maidir leis an Líonra Luchtaithe do LDVanna Leictreacha, Carranna Paisinéirí ina measc

Leagtar amach sa phlean na roghanna malartacha atá molta i ndáil le bonneagar ar an tslí a chur ar fáil d'fheithiclí saothair éadroim, carranna paisinéirí ina measc, faoi 2025 agus faoi 2030, mar atá leagtha amach i dTábla 1 in éineacht leis an léarscáil i bhFíor 2.

Déantar an leibhéal luchtaithe atá molta a ualú de réir na catagóire bóthair. Maidir leis an líonra náisiúnta mótarbhealaí, a mbaineann an chéad dá ró de Thábla 1 leis, agus atá léirithe i ndath gorm agus buí sa léarscáil i bhFíor 2, éileofar linnte móra pointí luchtaithe a shuiteáil go rialta ar na bealaí. Cé nach bhfuil sna bóithre seo ach 1,200km den ghréasán

náisiúnta bóithre, iompraíonn siad os cionn 19% den mhéid ciliméadar a thiomáintear ar fud na tíre. An bonneagar luchtaithe atá molta don ghréasán carrbhealaí aonair TEN-T, tá sé leagtha amach sa tríú ró de Thábla 1. Tá dath glas ar na bóithre sin i bhFíor 2. Sa chatagóir dheiridh bhóthair tá na príomhbhóithre agus na bóithre den dara grád eile nach bhfuil mar chuid de ghréasán bóithre TEN-T, a bhfuil dath bándearg orthu i bhFíor 2. An bonneagar luchtaithe atá molta don ghrúpa seo, tá sé leagtha amach sa cheathrú ró de Thábla 1. Maidir leis an mbonneagar luchtaithe le haghaidh na catagóire bóthair seo, beidh achair níos giorra idir na stáisiúin luchtaithe le héascaíocht a dhéanamh ar na cineálacha turais a dhéantar ar na bóithre seo.

I gcás gach ceann de na catagóirí bóthair, moltar trí rogha eile le haghaidh luchtú feithiclí paisinéirí/LDVanna. Caithfear Rogha 1 ar a laghad a sholáthar chun na ceanglais a bhaineann go sonrach le gréasán bóithre TEN-T sa Rialachán maidir le Bonneagar Breoslaí Malartacha (AFIR) a chomhlíonadh. Mar sin féin, léiríonn torthaí na hanailíse go mbeidh gá le níos mó ná sin chun spriocanna AFIR atá bunaithe ar fhlít a sholáthar agus le bheith chun tosaigh ar riachtanais tiománaithe feithiclí leictreacha. Tá coinne leis go mbeidh gá le Rogha 2 ar a laghad, agus go mbeidh gá le leibhéil Rogha 3 i roinnt limistéar, go háirithe sna limistéir sin ina mbíonn éileamh níos airde. Beidh aiseolas ón gcomhairliúchán seo mar bhonn eolais faoi na spriocanna deiridh.



| Suíomh | Eochair Eolais na Léarscáile | Fad an Bhóthair (km) | Rogha 1: AFIR | Rogha 2: Meánacmhainn Luchtaithe Feithiclí Leictreacha | Rogha 3: Ardacmhainn Luchtaithe Feithiclí Leictreacha | Rogha 1: AFIR | Rogha 2: Meánacmhainn Luchtaithe Feithiclí Leictreacha | Rogha 3: Ardacmhainn Luchtaithe Feithiclí Leictreacha |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | 2025 | | | 2030 | | |
| **Croíghréasán TEN-T** (Mótarbhealaí) (An Dá Threo) | | 500 | 400 kW @60 km 3-4 phointe luchtaithe *Ceann amháin ar a laghad a bhfuil acmhainn 150 KW aige* | 600 kW @60 km<br>4-6 phointe luchtaithe | 900 kW @60 km<br>6-9 bpointe luchtaithe | 600 kW @60 km | 1,800 kW @ 60 km | 3,000 kW @ 60 km |
| **Gréasán Cuimsitheach TEN-T** (Mótarbhealaí/ Débhealaí) (An Dá Threo) | | 700 | Dada go sonrach *(clúdaithe ag an sprioc flít)* | 600 kW @60 km<br>4-6 phointe luchtaithe | 900 kW @60 km<br>6-9 bpointe luchtaithe | 300 kW @ 60 km | 1,800 kW @ 60 km | 3,000 kW @ 60 km |
| **Gréasán Cuimsitheach TEN-T** (Carrbhealaí Aonair) (An Dá Threo) | | 1,000 | Dada go sonrach *(clúdaithe ag an sprioc flít)* | 300 kW @ 60 km<br>3-4 phointe luchtaithe | 400 kW @ 60 km<br>3-4 phointe luchtaithe | 300 kW @ 60 km | 600 kW @ 60 km | 1,200 kW @ 60 km |
| **Príomhbhóithre agus Bóithre den Dara Grád nach bóithre TEN-T** | | 3,100 | Dada go sonrach *(clúdaithe ag an sprioc flít)* | 100 kW @ 30 km<br>1-2 phointe luchtaithe | 200 kW @ 30 km<br>2-4 phointe luchtaithe | Dada go sonrach | 300 kW @ 15 km | 400 kW @ 15 km |

**Tábla 1:** *Tograí maidir leis an Líonra Luchtaithe do LDVanna Leictreacha, Carranna Paisinéirí ina measc*

## Na Ceanglais maidir le Líonra Luchtaithe d'Fheithiclí Tromshaothair (HDVanna) Leictreacha

Ós rud é go bhfuil an chonair chun an earnáil lasta agus bus a leictriú tar éis éirí níos soiléire le blianta beaga anuas, is gá bonneagar a shuiteáil anois le gur féidir an t-aistriú sin dul ar aghaidh. I gcás HDVanna, mar thoradh ar chur chun feidhme AFIR, cuirfear oibleagáid shuntasach ar gach Ballstát ar fud na hEorpa maidir le bonneagar a chur ar fáil. Tá coinne leis go mbeidh an bonneagar seo, mar atá leagtha amach i dTábla 2, leordhóthanach agus, go deimhin, go sáróidh sé na riachtanais ar bhóithre na hÉireann. Ar an gcúis sin, is é an príomhchuspóir a bheidh againn ná na spriocanna riachtanacha AFIR a bhaint amach agus seans go gcuirfidh ZEVI isteach ar mhaoluithe bunaithe ar leibhéil tráchta na HDVanna nuair is féidir. Fiú má dheonaítear maoluithe, suiteálfar leibhéal ard bonneagair, lena n-áirítear acmhainn luchtaithe 7,200kW ar na bóithre ardtráchta agus 1,500kW do HDVanna gach 100KM ar charrbhealaí aonair TEN-T, lena n-áirítear ó Dhún na nGall go Ciarraí agus trasna go Port Láirge go Ros Láir. Ba cheart go mbeadh sé sin leordhóthanach le freastal ar riachtanais na dtiománaithe HDVanna atá ag feidhmiú ar na bóithre náisiúnta.

Ní chuirfear an bonneagar do HDVanna ar fáil ach ar chroíghréasán bóithre Ten-T agus ar ghréasán cuimsitheach bóithre Ten-T atá léirithe ag na bóithre ar dhath gorm, buí agus glas ar an Léarscáil i bhFíor 2. Tá Foghrúpa Lasta curtha ar bun ag ZEVI le hionchur a fháil ón tionscal maidir le cur ar fáil an bhonneagair sin ar na bóithre náisiúnta. Ina theannta sin, éilítear leis an AFIR go suiteálfar bonneagar ag na Nóid Uirbeacha ar fud na hEorpa. Is iad na calafoirt in Éirinn atá aicmithe mar "Nóid Uirbeacha" ná Baile Átha Cliath, Corcaigh, Sionainn/Faing agus Gaillimh agus, mar atá léirithe i dTábla 2, éilítear le AFIR leibhéil shonracha bonneagair luchtaithe ag na láithreacha sin.

| Bliain | Gréasán Bóithre | Luchtairí d'fheithiclí tromshaothair |
|---|---|---|
| *Faoi 2025* | Croíghréasán agus Gréasán Cuimsitheach TEN-T | Maidir le 15% den fhad iomlán i ngréasán bóithre TEN-T<br>• **1400 kW** gach **120 km** sa dá threo – *pointe luchtaithe amháin ar a laghad a bhfuil acmhainn 350 kW aige* |
| | Nód Uirbeach *(Baile Átha Cliath, Corcaigh, Faing agus Gaillimh)* | **900 kW** – *le soláthar ag stáisiúin a bhfuil aschur cumhachta 150 kW an ceann acu* |
| **Faoi 2027** | Croíghréasán agus Gréasán Cuimsitheach TEN-T | *Maidir le 50% den fhad iomlán i ngréasán bóithre TEN-T, acmhainn agus achar mar seo a leanas:*<br>• **Croíghréasán TEN-T: 2800 kW** gach **120 km** sa dá threo – *dhá phointe luchtaithe ar a laghad a bhfuil acmhainn 350 kW acu*<br>• **Gréasán cuimsitheach TEN-T: 1400 kW gach 120 km** sa dá threo – *pointe luchtaithe amháin ar a laghad a bhfuil acmhainn 350 kW aige* |
| | *Ag gach áit páirceála agus scíthe HDV atá tiomnaithe do pháirceáil feithiclí thar oíche* | **2 phointe luchtaithe** ar leith d'fheithiclí tromshaothair (**100 kW** ar a laghad an ceann)<br>*(Tabhair faoi deara nach bhfuil aon láithreán dá leithéid in Éirinn faoi láthair)* |
| **Faoi 2030** | Croíghréasán agus Gréasán Cuimsitheach TEN-T | • **Ar Chroíghréasán TEN-T – 3600 kW** gach **60 km**, sa dá threo – *dhá stáisiún ar a laghad a bhfuil 350 kW acu*<br>• **Ar Ghréasán Cuimsitheach TEN-T – 1500 kW** gach **100 km**, sa dá threo – *stáisiún amháin ar a laghad a bhfuil 350 kW aige* |
| | *Áiteanna páirceála agus scíthe* | I ngach limistéar slán sábháilte páirceála **4 phointe luchtaithe** ar leith d'fheithiclí tromshaothair (**100 kW** ar a laghad an ceann)<br>*(Tabhair faoi deara nach bhfuil aon láithreán dá leithéid in Éirinn faoi láthair)* |
| | *Nóid Uirbeacha* | **1800 kW** – *le soláthar ag stáisiúin a bhfuil aschur cumhachta 150 kW an ceann acu* |

**Tábla 2:** *Bonneagar Luchtaithe ar an tSlí atá ag teastáil le haghaidh Feithiclí Tromshaothair*

## Dlús a chur le Cur ar Fáil Bonneagair Luchtaithe Ardchumhachta ar an tSlí

Chun an leibhéal bonneagair luchtaithe d'fheithiclí leictreacha a bhaint amach a bheidh ag teastáil le teacht roimh an éileamh, ní mór dlús a chur lena fhorbairt agus lena chur chun feidhme. Chun é sin a bhaint amach, molann an Stát tacú leis an earnáil phríobháideach trí bhacainní ar phleananna imlonnaithe a laghdú agus trí fhorbairt luchtairí ardchumhachta ar fud na hÉireann a dhreasú agus a dlús a chur leo. Chun na spriocanna i bPlean na hÉireann um Ghníomhú ar son na hAeráide a bhaint amach, beidh iarracht chomhoibritheach i measc na bpáirtithe leasmhara, go háirithe leis an gcóras leictreachais (m.sh. Eirgrid agus ESB Networks), riachtanach leis an mbonneagar a chur ar fáil go tráthúil.

Chuaigh ZEVI/TII i dteagmháil le páirtithe leasmhara agus rinne athbhreithniú ar na freagraí a fuarthas ar an Dréachtphlean d'fhonn bonn eolais a chur faoi na tacaíochtaí a chuirfear ar fáil leis an bPlean seo um Luchtú Feithiclí Leictreacha ar an nGréasán Náisiúnta Bóithre a chur chun feidhme.


Tá TII, i gcomhar le ZEVI, tar éis an chéad scéim tacaíochta don phlean seo a fhorbairt agus a sheoladh. Tá sé mar aidhm ag an scéim tosaigh seo 1200kW d'acmhainn luchtaithe a chur ar fáil gach 60KM ar an ngréasán mótarbhealaí faoi dheireadh 2025. Seolfar scéimeanna le haghaidh feithiclí saothair éadroim, carranna paisinéirí ina measc, más gá, amach sa bhliain le cuspóirí eile an phlean seo a bhaint amach faoi 2025. Coinneofar an cur chuige sin faoi athbhreithniú go leanúnach le rudaí a foghlaimíodh ón gcéad scéim a chur san áireamh. Tá ZEVI agus TII, i gcomhar leis an bhFoghrúpa Lasta, ag breathnú ar na roghanna atá ann maidir le bonneagar d'fheithiclí earraí troma a mhaoiniú.

Chomh maith leis an bpróiseas sin, beidh gá le sraith roghanna tacaíochta agus bearta indíreacha chun dlús a chur le cur ar fáil bonneagair luchtaithe ardchumhachta ar an tslí. I measc na dtacaíochtaí sin tá uasghráduithe eangaí, beartais, rialacháin, glacadh le teicneolaíocht nua agus forbairt caighdeán chun eispéireas luchtaithe comhsheasmhach agus iontaofa a chruthú d'úinéirí feithiclí leictreacha ar fud na tíre.

## Treochlár Cur chun Feidhme

Ó thaobh an chláir de, breathnaítear ar an méid ama a bheidh ag teastáil chun na linnte luchtaithe d'fheithiclí leictreacha a chur ar fáil maidir le gach catagóir bhóthair. Tógfaidh sé suas le ceithre bliana nó níos mó ná sin le ceanglais 2027 maidir le bonneagar luchtaithe do HDVanna leictreacha a chomhlíonadh, agus d'fhéadfadh sé go dtógfadh sé thart ar trí bliana agus trí mhí leis an mbonneagar atá beartaithe do LDVanna, Carranna Paisinéirí ina measc, ar an ngréasán mótarbhealaí/débhealaí a chur ar fáil. Níl ach naoi mí curtha i leataobh sa phlean chun na scéimeanna maoinithe a fhorbairt agus na torthaí a fháil ón gcéad scagadh ar na hiarratais. Dá bharr sin, is é an tosaíocht ó thaobh céimeanna de ná scéim tacaíochta a chur ar fáil le bonneagar luchtaithe d'fheithiclí paisinéirí/LDVanna leictreacha a chur ar fáil ar mhótarbhealaí/dhébhealaí ar dtús, agus díriú isteach ar na catagóirí bóthair eile ina dhiaidh sin.

Beidh an Scéim Mótarbhealaí/Débhealaí do LDVanna, Carranna Paisinéirí ina measc, a seoladh an 14 Feabhra 2024, ar an gcéad cheann de roinnt deiseanna le maoiniú a fháil. Táthar ag súil go n-eagrófar scéim le spriocanna 2025 a bhaint amach don chuid eile de na Bóithre Náisiúnta faoi dheireadh 2024. Meastar go n-úsáidfear an sceideal seo a leanas chun an scéim chuimsitheach sin a sheoladh agus, ar an gcaoi sin, dlús a chur le cur ar fáil an bhonneagair:



Tá cur ar fáil bonneagair luchtaithe d'fheithiclí leictreacha (EVanna) ríthábhachtach chun spriocanna an PGA a bhaint amach. Mar sin féin, ní mór cúrsaí timpeallachta a chur san áireamh i rith an phróisis. Moltar sa Mheasúnacht Straitéiseach Timpeallachta (MST) agus sa Ráiteas Tionchair Natura (RTN) bearta maolaithe le haon drochthionchair a d'fhéadfadh teacht as an bPlean seo a chosc, a laghdú agus a fhritháireamh a mhéid is féidir. Is é an príomhfhócas ná forbairt inbhuanaithe gan cur isteach ar an timpeallacht nádúrtha ná thógtha. Déanfar sainaithint ar thionchair eile agus déanfar iad a mhaolú ar leibhéil an tionscadail agus na measúnachta tionchair timpeallachta. Ní mór do gach togra forbartha a bheith ag teacht le treoirlínte an MST agus an RTN. Féach Tábla 2.6 (MST) agus Tábla 5.6 (RTN) le haghaidh na mbeart maolaithe ar leith. I dTábla 2.7 den Ráiteas MST, tugtar liosta iomlán de na bearta monatóireachta a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil i dtaca leis an bPlean.

Beidh sé thar a bheith dúshlánach an plean seo a chur i gcrích. Agus muid ag obair linn, tá sé tábhachtach aitheantas a thabhairt do na rioscaí féideartha a bhaineann le cur ar fáil agus cur chun feidhme an phlean, chomh maith le sainaithint a dhéanamh ar bhearta maolaithe féideartha. Dúshláin amhail easpa acmhainne eangaí a bheith ar fáil, easpa comhlíonta agus droch-chaighdeáin agus iomaíocht laghdaithe mar thoradh air, infhaighteacht láithreán, easpa acmhainní, éiginnteacht a bhaineann le cúrsaí airgeadais, agóidí dlíthiúla, éileamh nach féidir a thuar nó easpa muiníne i measc ceannaitheoirí feithiclí, is bacainní féideartha iad sin go léir maidir le líonraí luchtaithe a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm go réidh ar mhórchonairí iompair. Mar sin féin, má thugtar aghaidh go réamhghníomhach ar na rioscaí sin trí phleanáil straitéiseach, comhoibriú le páirtithe leasmhara, agus cineálacha cur chuige oiriúnaitheacha, is féidir linn na dúshláin sin a shárú agus a chinntiú go gcuirfear bonneagar luchtaithe láidir agus inrochtana ar fáil go rathúil. Trí na rioscaí sin a bhainistiú go héifeachtach, déanfaimid an bealach a réiteach don ardghlacadh le feithiclí leictreacha, cuirimid an t-iompar inbhuanaithe chun cinn, agus déanfaimid cinnte de go mbeidh saol níos glaise i ndán do chách.

Department of Transport
**gov.ie/transport**

An Roinn Iompair
Department of Transport